Scríobh do Scrúduimhir anseo | | M47T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2006

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

| STAMPA IONAID |
|---|
| |

**DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A**
Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar.**

**Roinn B**
Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile** a fhreagairt.
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil le **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Roinn C**
Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheist **amháin** ar ábhar roghnach agus **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)** den cheist a fhreagairt.
**Ní ceadaithe d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**
Tá **80** marc an ceann ag gabháil le hábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2.**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Ní mór duit do scrúdpháipéar a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Roinn A

**Freagair <u>deich</u> gceist ar bith sa roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** Liostaigh **<u>trí</u>** fhoinse lipidí (saillte) faoi gach ceann de na teidil seo a leanas: (6)

| Lipidí (Ainmhíocha) Sáithithe | Lipidí (Glasrúla) Neamhsháithithe |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**2.** **(a)** Cuireann an amaláis sheileach tús le díleá i gcás ceann amháin díobh seo a leanas.
Cén ceann?
Cuir tic √ leis an bhfreagra ceart. (2)

- ☐ Stáirse sa bhéal.
- ☐ Próitéin sa bholg.
- ☐ Siúcrós sa stéig bheag.

**(b)** Comhlánaigh iad seo a leanas: (4)
Gabhann aimínaigéid (próitéiní díleáite) trí bhallaí an ______________________

isteach sa ghréasán ribeadach a nascann le chéile agus a dhéanann

an _________________________ a thugann na cothaithigh go dtí an t-ae.

**3.** **(a)** Luaigh **<u>dhá</u>** fheidhm atá leis an gcailciam sa chorp. (4)

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**(b)** Liostaigh **<u>dhá</u>** fhoinse mhaithe cailciam sa réim bia. (2)

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne ó thaobh itheacháin shláintiúil de le haghaidh oibrí suiteach atá 30 bliain d'aois. (6)

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

(iii) ______________________________

______________________________

**5.** **(a)** Ainmnigh **ceithre** chothaitheach a fhaightear in uibheacha. (4)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(iv) ______________________________

**(b)** Liostaigh **dhá** thionchar a bhíonn ag teas ar uibheacha. (2)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**6.** **(a)** Liostaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bianna áise (bianna pacáistithe/stánaithe). (4)

***Buntáistí***

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

***Míbhuntáistí***

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**(b)** Ainmnigh eagraíocht **amháin** a chuireann díolachán earraí bia Éireannacha chun cinn. (2)

______________________________

**7.** Ainmnigh **<u>trí</u>** shaghas éagsúla d'ábhair phacáistithe a úsáidtear i dtionscal an bhia agus tabhair sampla difriúil **<u>amháin</u>** den úsáid a bhaintear as gach ceann díobh. (6)

| Saghas an ábhair phacáistithe | Sampla den úsáid |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**8.** Ainmnigh **<u>trí</u>** aicme cáise agus tabhair sampla **<u>amháin</u>** de gach aicme. (6)

| Aicme cáise | Sampla |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **<u>thrí</u>** thoisc ar cheart iad a chur san áireamh nuair a bhítear ag roghnú fearas mór leictreach do theach cónaithe. (6)

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

(iii) ______________________________________________

______________________________________________

**10.** **(a)** Liostaigh **ceithre** mhodh chun íoc as earraí agus seirbhísí. (4)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(iv) ______________________________

**(b)** Ainmnigh **dhá** shaghas árachais atá ar fáil do thomhaltóirí. (2)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**11.** Mol **dhá** fhabraic atá oiriúnach le haghaidh cuirtíní i seomra suite agus luaigh airí **amháin** de chuid gach fabraic díobh. (6)

| **Fabraic** | **Airí** |
|---|---|
| | |
| | |

**12.** Ainmnigh agus mínigh **dhá** cheart atá againn mar thomhaltóirí. (6)

(i) **Ainmnigh** ______________________________

**Mínigh** ______________________________

(ii) **Ainmnigh** ______________________________

**Mínigh** ______________________________

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile sa roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil le Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1.** ***' Níl dóthain snáithín á ithe ag páistí, agus tá siad ag ithe níos mó saille agus salainn ná mar a mholtar.'***

(Suirbhé Náisiúnta Bhia na bPáistí – COC agus C. na T.).

Tugtar an t-eolas seo a leanas ar an lipéad ar phaicéad de **'Jumbo Porridge Oats':**

| **COMHDHÉANAMH TIPICIÚIL** | **In aghaidh 100g** | **In aghaidh riar 40g** |
|---|---|---|
| **Fuinneamh** | 1613kJ<br>386.6kcal | 645.3kJ<br>154.6kcal |
| **Próitéin** | 11.1g | 4.4g |
| **Carbaihiodráití** | 73g | 29.2g |
| **Saill** | 5.5g | 2.2g |
| **Snáithín** | 6.1g | 2.5g |
| **Sóidiam** | Gráinnín | Gráinnín |
| **Tiaimín** | 0.85mg | 0.35mg |
| **Iarann** | 4.1mg | 1.64mg |

**(a)** Déan trácht ar luach diaitéiteach **'Jumbo Porridge Oats'**. (12)

**(b)** Mol **dhá** bhia (seachas bainne) arbh fhéidir iad a riar le leite chun an luach cothaitheach a mhéadú.
Tabhair cúis **amháin** le do rogha i gcás gach bia acu. (12)

**(c)** Déan biachlár (trí bhéile) le haghaidh lá **amháin** a leagan amach do theaghlach ina bhfuil páistí óga a bhfuil sé molta dóibh cur leis an méid snáithín sa bhia a itheann siad. (18)

**(d)** Tabhair cuntas ar charbaihiodráití agus bíodh tagairt agat dóibh seo:
- (i) aicmiú
- (ii) sampla **amháin** de gach aicme
- (iii) feidhmeanna sa chorp. (18)

**(e)** Ainmnigh **ceithre** mhír d'fhaisnéis do thomhaltóirí a fhaightear ar phacáistiú bia. Mínigh tábhacht gach ceann acu. (20)

**2.** **'Tá mórán cothaitheach san iasc a bhfuil gá ag an gcorp leo chun forbartha. Slí amháin chun a chinntiú go bhfuil gach ní á fháil agat chun go mbeifeá sláintiúil agus lán fuinnimh ná iasc a ithe dhá uair in aghaidh na seachtaine, roinnt éisc atá lán d'ola san áireamh.'**

(Suíomh gréasáin BIM: www.bim.ie).

**(a)** Déan cur síos ar (i) luach cothaitheach agus ar (ii) luach diaitéiteach an éisc. (20)

**(b)** Ainmnigh **<u>trí</u>** shaghas éagsúla d'earraí éisc phróiseáilte agus luaigh cén fáth a bhfuil éileamh ar na hearraí sin. (14)

**(c)** Modh amháin chun iasc a choimeád ar stór ar feadh tréimhse ná é a reo.
Tabhair breac-chuntas ar na rialacha ginearálta ba chóir a leanúint agus bia úr á reo. (16)

**3.** ***Tá beirt pháistí ag Sinéad agus Seán Ó Briain. Tá siad trí bliana agus cúig bliana d'aois. Oibríonn Seán cúig lá sa tseachtain agus fanann Sinéad sa bhaile chun féachaint i ndiaidh na bpáistí. Tá cónaí orthu i dteach ar cíos ina bhfuil trí sheomra codlata agus tá siad ag cur airgid i dtaisce chun teach cónaithe dá gcuid féin a cheannach.***

**(a)** Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do mhuintir Bhriain buiséad a leagan amach. (12)

**(b)** Liostaigh príomhfhoinsí caiteachais an teaghlaigh seo. (15)

**(c)** Pléigh **<u>trí</u>** thoisc ar cheart do Shinéad agus do Sheán Ó Briain a chur san áireamh agus teach dá gcuid féin á roghnú acu. (15)

**(d)** Cuireann údaráis áitiúla raon seirbhísí/scéimeanna ar fáil maidir le soláthar tithíochta. Ainmnigh agus déan cur síos ar sheirbhís/scéim **<u>amháin</u>** a chuirtear ar fail. (8)

**4.** ***De réir mar a athraíonn an tsochaí, athraíonn struchtúr an teaghlaigh nua-aimseartha.***

**(a)** D’ainneoin athruithe struchtúir, fanann feidhmeanna an teaghlaigh buanseasmhach. Sainaithin agus déan cur síos ar **thrí** fheidhm thábhachtacha de chuid an teaghlaigh. (24)

**(b)** Mínigh conas a thugann institiúidí nó eagraíochtaí sóisialta eile cabhair i gcás feidhm **amháin** de chuid an teaghlaigh. (10)

**(c)** Pléigh an tionchar atá ag cúrsaí inscne le blianta beaga anuas ar rólanna bhaill an teaghlaigh. (16)

**5.** ***‘ Tá Éire ag athrú, tá breis agus an ceathrú cuid den daonra os cionn 50 bliain d’aois agus tá breis is duine as gach dáréag os cionn 70 bliain d’aois.’***

(The Irish Times, Aibreán 23, 2005).

**(a)** Pléigh **trí** chúis a mbíonn saol níos faide ag daoine sa lá atá inniu ann. (18)

**(b)** Tabhair cuntas ar bhuntáistí **agus** ar mhíbhuntáistí seantuismitheoirí a bheith ina gcónaí le ball den teaghlach a bhfuil páistí óga aige/aici. (20)

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta maidir le huacht a dhéanamh. (12)

## Roinn C

**Freagair ceist amháin sa roinn seo.**
**Ní ceadaithe d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe ach tabhairt faoi Cheist 2 amháin sa roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) a fhreagairt mar aon le 1(b) nó 1(c).**

**1. (a)** (i) Déan miontrácht ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar dhearadh agus ar thógáil tí faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- (i) suíomh
- (ii) stíl tí
- (iii) riachtanais teaghlaigh (faoi láthair agus sa todhchaí)
- (iv) forbairtí teicneolaíochta. (26)

(ii) Sainaithin **ceithre** mhionathrú ba cheart a dhéanamh ar an dearadh nuair a bhítear ag dearadh tí do dhuine a úsáideann cathaoir rothaí. (12)

(iii) Luaigh **(a)** na buntáistí agus **(b)** na míbhuntáistí a bhaineann le teach/árasán a thógáil ar cíos. (12)

**agus**

**1. (b)** (i) Tugtar an t-eolas seo a leanas ar ainmchlár atá ceangailte le folúsghlantóir:

| | |
|---|---|
| **220 – 230V** | **1800W uas.** |

Cén fáth a bhfuil gach ceann de na míreanna eolais sin thuas tábhachtach don tomhaltóir? (14)

(ii) Liostaigh agus mínigh **ceithre** phointe thábhachtacha maidir le húsáid shábháilte leictreachais sa teach cónaithe. (16)

**nó**

**1. (c)** (i) Tabhair cuntas ar **ceithre** thoisc ar cheart iad a chur san áireamh agus bailchríocha balla á roghnú le haghaidh an taobh istigh den teach. (16)

(ii) Déan cur síos ar shaghas **amháin** bailchríoch bhalla atá oiriúnach le haghaidh seomra leapa páiste óig. Tabhair **dhá** chúis le do rogha. (14)

## Ábhar Roghnach 2- Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) a fhreagairt mar aon le 2(b) nó 2(c)**

**2.** **(a)** ***Imríonn tú le foireann áitiúil peile nó cispheile agus tá iarrtha ort smaointe a chur ar aghaidh le haghaidh culaith nua dhá bhall.***

(i) Sceitseáil agus déan cur síos ar fheisteas dhá bhall ba dhóigh leat a bheadh oiriúnach. (10)

(ii) Tabhair tuairisc ar thábhacht na nithe seo a leanas i do dhearadh:
- dath
- coibhneas
- feidhmiúlacht (úsáid). (9)

(iii) Dear agus sceitseáil lógó oiriúnach le haghaidh an fheistis seo. (6)

**agus**

**2.** **(b)** (i) Aicmigh na snáithíní nádúrtha agus tabhair sampla **amháin** de gach aicme acu. (6)

(ii) Liostaigh trí **airí** de chuid snáithín **amháin** atá luaite thuas. (9)

**nó**

**2.** **(c)** (i) Mínigh conas a bhíonn tionchar ag na meáin ar an rogha éadaí a chaitheann déagóirí. (9)

(ii) Cad iad na pointí ar cheart iad a chur san áireamh nuair a bhítear ag roghnú patrún tráchtála le fuáil sa bhaile? (6)

# Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) a fhreagairt mar aon le 3(b) nó 3(c).**

**3. (a)** ***'Bhí 53,200 fear agus 32,400 bean dífhostaithe sa dara ceathrú de 2005.'***
(An Phríomh-Oifig Staidrimh 2005).

(i) Cén fáth, dar leat, a raibh níos mó fear ná ban dífhostaithe in 2005? (10)

(ii) Sainmhínigh dífhostaíocht. (6)

(iii) Pléigh tionchar na dífhostaíochta orthu seo:
(i) an duine aonair
(ii) an teaghlach
(iii) an tsochaí. (24)

(iv) Ainmnigh agus tabhair sonraí scéim rialtais **amháin** a chuidíonn le fostaíocht a chruthú. (10)

**agus**

**3. (b)** (i) Mínigh cén fáth a bhfuil gá le háiseanna cúram leanaí sa tsochaí nua-aimseartha. (15)

(ii) Tabhair cuntas achomair ar na tosca ba cheart do thuismitheoir a chur san áireamh nuair a bhíonn rogha maidir le cúram leanaí le déanamh. (15)

**nó**

**3. (c)** ***'Bíonn oideachas á chur orainn i rith ár saoil ar fad.'***

(i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí ina gcuireann an t-oideachas le forbairt an duine. (15)

(iii) Déan achoimre ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar ghnóthachtáil oideachais an dalta. (15)

**Leathanach Bán**